



2025/1395

16.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1395 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Iúil 2025

lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 a mhéid a bhaineann leis na téarmaí údairithe le haghaidh bonn L-lísín, leachtach, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a mhodhnú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/997 ón gCoimisiún ⁽²⁾, údaráíodh bonn L-lísín, leachtach ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim a eisiúint i dtaobh an gcomhlíonfadh údarú boinn L-lísín, leachtaigh, mar bhreiseán beathaithe fós na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 dá ndéanfaí modhnú ar théarmaí an údairithe sin. Is éard atá sa mhodhnú tréithchineál táirgthe nua a chur leis, *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248. Murab ionann agus an méid dá bhforáiltear san údarú atá ann faoi láthair, an breiseán a tháirgtear leis an tréithchineál táirgthe nua sin, níl sé beartaithe é a úsáid in uisce óil. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarraidh.
- (4) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 4 Iúil 2024 ⁽³⁾ nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ag baint leis an modhnú géiniteach sa tréithchineál táirgthe *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248. Níor braitheadh aon chealla inmhharthana ná DNA ón tréithchineál táirgthe sa táirge deiridh. Dá bhrí sin, níl aon ábhar imní sábháilteachta ag baint leis an táirge deiridh maidir leis an tréithchineál táirgthe. Níl aon riosca don spriocspeiceas, do thomhaltóirí ná don chomhshaol ag baint le bonn L-lísín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248. Mheas an tÚdarás nach greannaitheoir craicinn ná súl é an breiseán, ná nach íogróir deirmeach é. Bonn L-lísín, leachtach, arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248, meastar gur foinse éifeachtúil é den aimíonaigéad riachtanach L-lísín le haghaidh speicis ainmhíocha neamh-athchogantacha. Chun go mbeadh an L-lísín forlíontach chomh héifeachtach céanna in athchogantaigh agus atá sé i speicis neamh-athchogantacha, bheadh cosaint ar dhíghrádú sa chogansach ag teastáil chuige sin. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bonn L-lísín, leachtach, fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus téarmaí an údairithe á modhnú tríd an tréithchineál táirgthe nua *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248 a chur leis. Ina theannta sin, ní gá foráil a dhéanamh maidir le bearta cosanta chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248 a chosc, agus an tuairim ón Údarás an 4 Iúil 2024 á cur san áireamh.
- (6) Chun gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart uimhir aitheantais nua a dheonú do bhonn L-lísín, leachtach, arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-68248, toisc nach bhfuil sé údairithe lena úsáid in uisce óil, murab ionann agus an méid dá bhforáiltear san údarú atá ann faoi láthair maidir leis an mbreiseán.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 maidir le bonn L-lísín, leachtach, sulfáit L-lísín agus monaihídreaclóiríd L-lísín, atá íon go teicniúil, a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 221, 10.7.2020, lch. 90), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/997/oj.

⁽³⁾ EFSA Journal, [Iris EFSA] 22(7), e8950. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8950>.

- (7) Is éard atá sa bhreiseán bonn L-lísín, leachtach, ullmhóid i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil íoschion L-lísín 50 % mar shubstaint ghníomhach. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú go sainráite in údarú an bhreiseáin go mbaineann an t-údarú le hullmhóid. I ndáil leis sin, foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 go gceadaítear bonn L-lísín, leachtach, a chur ar an margadh agus a úsáid mar bhreiseán a bhfuil ullmhóid ann, ach go hearráideach níor sonraíodh an méid sin i dtéarmaí an údaráithe, go háirithe maidir le comhdhéanamh an bhreiseáin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 a cheartú dá réir.
- (8) Mar gheall ar an earráid a d'fhág go raibh easpa tuairisce ar an mbreiseán bonn L-lísín, leachtach, mar ullmhóid, cruthaíodh ionchais dhlisteanacha i measc oibreoirí gnólachtaí beatha agus chun na hionchais dlisteanacha a chaomhnú, ba cheart idirthréimhse a sholáthar chun go mbeidh na hoibreoirí sin in ann oiriúnú don cheartúchán a thugtar isteach leis an Rialachán seo.
- (9) An modh anailíse a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 maidir le L-lísín, bonn, leachtach, i réamh-mheascáin, beatha chumaisc agus ábhair bheatha a chainníochtú, tagraíonn an modh sin d'fhorálacha iarscríbhíne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Mar thoradh ar leasuithe a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh. 152/2009, áfach, ní gá tagairt a dhéanamh do na forálacha sonracha sin a thuilleadh. Ós rud é go bhféadfadh Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a bheith fós faoi réir leasuithe amach anseo ar bhonn forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha, níor cheart tagairt a dhéanamh sa mhodh anailíse ábhartha ach do Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ina iomláine. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a oiriúnú ar an gcaoi chéanna a mhéid a bhaineann leis an modh anailíse le haghaidh an bhreiseáin monaihídreaclóiríd L-lísín, atá íon go teicniúil agus le haghaidh an bhreiseáin sulfáit L-lísín, nithe a áirítear freisin san iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/997.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997 a leasú dá réir.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997

Cuirfear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhíne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe bonn L-lísín, leachtach, leis an uimhir aitheantais 3c320, arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-67439 nó le *Corynebacterium glutamicum* NRRL B-67535, mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/997, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, rud a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1). ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain-mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
3c320	bonn L-lísín, leachtach	Comhdhéanamh an bhreiseáin: Ullmhóid arb é atá inti L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 50 % - Tuaslagán uiscí ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí: L-lísín arna tháirgeadh trí choipeadh le <i>Corynebacterium glutamicum</i> NRRL B-67439 nó <i>Corynebacterium glutamicum</i> NRRL B-67535 Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH Uimhir CAS: 56-87-1 ----- Modhanna anailíse (¹): Maidir le lísín sa bhreiseán beathaithe agus i réamh-mheascáin ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 % a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180	Gach speiceas	-	-	-	1. Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. 2. Ar mhaithe le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú nó rioscaí don chraiceann nó do na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, do na súile agus don chraiceann. 3. Féadfar an breiseán a úsáid freisin in uisce óil.	30.7.2030

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		Maidir le lísín i réamh-mheascáin, i mbeatha chumaisc agus in ábhair bheatha a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún Maidir le lísín in uisce a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD)					4. Dearbhuithe atá le déanamh ar lipéadú an bhreiseáin agus na réamh-mheascán: ‘Agus forlíonadh á dhéanamh le L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.’	
3c320ii	bonn L-lísín, leachtach	Comhdhéanamh an bhreiseáin: Ullmhóid arb é atá inti L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 50 % - Tuaslagán uiscí ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí: L-lísín arna tháirgeadh trí choipeadh le <i>Corynebacterium glutamicum</i> NRRL B-68248 Foirmle cheimiceach: NH ₂ -(CH ₂) ₄ -CH(NH ₂)-COOH Uimhir CAS: 56-87-1 -----	Gach speiceas	-	-	-	1. Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. 2. Dearbhuithe atá le déanamh ar lipéadú an bhreiseáin agus na réamh-mheascán: ‘Agus forlíonadh á dhéanamh le L-lísín, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.’	30.7.2030

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		Modhanna anailíse (¹): Maidir le lísín sa bhreiseán beathaithe agus i réamh-mheascáin ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 % a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180 Maidir le lísín i réamh-mheascáin, i mbeatha chumaisc agus in ábhair bheatha a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún						
3c322	Monaihidgeaclóiríd L-lísín atá íon go teicniúil	Comhdhéanamh an bhreiseáin: Púdar monaihidgeaclóiríde L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 78 % agus uaschion taise 1,5 %. ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí: Monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh trí choipeadh le	Gach speiceas	-	-	-	1. Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. 2. Monaihidgeaclóiríd L-lísín atá íon go teicniúil, féadfar í a chur ar an margadh agus a úsáid mar bhreiseán a bhfuil ullmhóid ann.	30.7.2030

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		<i>Corynebacterium glutamicum</i> NRRL-B-67439 nó <i>Corynebacterium glutamicum</i> NRRL B-67535 nó <i>Corynebacterium glutamicum</i> CGMCC 7.266. Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH Uimhir CAS: 657-27-2 Modhanna anailíse ⁽¹⁾: Maidir le monaihidgeaclóiríd L-lísín sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: — Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'Monagraf monaihidgeaclóiríde L-lísín' Maidir le lísín sa bhreiseán beathaithe agus i réamh-mheascáin ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 % a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180.					3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú. 4. Féadfar an breiseán a úsáid freisin in uisce óil.	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		Maidir le lísín i réamh-mheascáin, i mbeatha chumaisc agus in ábhair bheatha a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún Maidir le lísín in uisce a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD); nó — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS).					5. Dearbhuithe atá le déanamh ar lipéadú an bhreiseáin agus na réamh-mheascán: 'Águs forlíonadh á dhéanamh le L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.'	
3c325	Sulfáit L-lísín	Comhdhéanamh an bhreiseáin: An fhoirm ghráinneach ina bhfuil íoschion L-lísín 52 % agus uaschion 24 % sulfáite. ----- Saintréithriú na substainte gníomhaí: Sulfáit L-lísín arna táirgeadh trí choipeadh le <i>Corynebacterium glutamicum</i> CGMCC 7.266	Gach speiceas	-	-	10 000	1. Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. <	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ain- mhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus analóga								
		Foirmle cheimiceach: C₁₂H₂₈N₄O₄•H₂SO₄/[NH₂-(CH₂)₄- CH(NH₂)-COOH]₂SO₄ Uimhir CAS: 60343-69-3 ----- Modhanna anailíse ⁽¹⁾: Maidir le lísín sa bhreiseán beathaithe agus i réamh-mheascáin ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 % a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180 Maidir le sulfáit sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: — Monagraf in Pharmacopoeia Eorpach 20301 Maidir le lísín i réamh-mheascáin, i mbeatha chumaisc agus in ábhair bheatha a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS) – Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún Maidir le lísín in uisce a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD)					3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú. I gcás nach féidir deireadh a chur leis na rioscaí sin nó iad a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú. 4. Féadfar an breiseán a úsáid freisin in uisce óil. 5. Dearbhuithe atá le déanamh ar lipéadú an bhreiseáin agus na réamh-mheascán: 'Agus forlíonadh á dhéanamh le L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.'	

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.